SCÉIM MAIDIR LE hARDÚ CÉIME INMHEÁNACH CHUN GHRÁD AN OLLAIMH (CATHAOIR PHEARSANTA) IN OLLSCOIL LUIMNIGH

1. Réamhrá

1.1 Is éard is cuspóir don Scéim seo ná foráil a dhéanamh maidir le hardú céime inmheánach chun ghrád an Ollaimh (Cathaoir Phearsanta).

1.2 Is é grád an Ollaimh an grád acadúil is airde i struchtúr na hOllscoile. Féadfar iarrthóirí a bhreithniú chun a n-ardaithe go dtí an grád seo nuair a bheidh na caighdeáin oirircis acadúil agus torthaí acadúla atá ag teacht leis an ngrád seo bainte amach acu. Is de réir caighdeán idirnáisiúnta agus ar bhonn fianaise a dhéanfar moltóireacht ar ardú chun grád Ollaimh. Ceanglófar ar iarrthóirí ar ardú céime chun ghrád an Ollaimh clú idirnáisiúnta a bheith orthu ar bhonn foilseachán marthanach ardéifeachta agus fianaise a bheith acu ar cheannasaíocht acadúil shuntasach a bheith bainte amach acu san Ollscoil agus/nó sa chomhphobal idirnáisiúnta.

2. Critéir Mheastóireachta

2.1 Is mar seo a leanas a bheidh na critéir mheastóireachta i gcomhair ardú céime chun grád an Ollaimh (Cathaoir Phearsanta):

(i) Taighde agus Scoláireacht
(ii) Ceannasaíocht Acadúil
(iii) Múineadh agus Foghlaim
(iv) Cuidiú a tugadh don Ollscoil agus don phobal as a iomláine

2.2 Ceanglófar feidhmíocht shásúil maidir leis na critéir go léir. Is ar na critéir maidir le Taighde agus Scoláireacht agus Ceannasaíocht Acadúil is mó a dhíreofar sa mheastóireacht chun ardaithe céime. In imthosca neamhghnácha, féadfaidh iarrthóir a mhaíomh gur chóir an mheastóireacht a dhíriú go príomha ar na critéir a bhaineann leis an gCeannasaíocht Acadúil agus Múineadh agus Foghlaim ar bhonn mórghnímh dhearscnaithigh sa cheannasaíocht acadúil mar aon le haithint idirnáisiúnta agus mórghníomhartha arna n-athbhreithniú ag lucht a chomhchéime nó lucht a comhchéime maidir le scoláireacht an Mhúinte agus na Foghlama agus/nó an nuálaíocht oideolaíoch.

3. Incháilitheacht

3.1 Ní mór de ghnáth iarrthóir a bheith ar leibhéal an Ollaimh Chomhlaigh le cúig bliana ar a laghad ar dháta an iarratais. In imthosca neamhghnácha, féadfaidh an tUachtarán na critéir seo a tharscaoileadh ar scór cás i scríbhinn ina léireofar fianaise ar na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le hoirirceas acadúil agus torthaí acadúla atá ag teacht le grád an Ollaimh a bheith bainte amach ag an iarrthóir. Ní fhéadfar iarrthóir a bhreithniú níos mó ná aon uair amháin in aon tréimhse trí bliana.

4. Próiseas

4.1 Aon iarrthóir ar mian leis nó léi go mbreithneofaí lena ardú é nó lena hardú í, déanfaidh sé nó sí iarratas san fhormáid riachtanach a sheoladh go dtí Rannóg Earcaíochta, Roínn Achmhainní. Tá an fhoirm iarratais ar fáil ag Personal Chair Application Form. Beidh fianaise ar ghnóthachtáil ag teastáil faoi gach ceann de na critéir. Tá samplaí de na cineálacha fianaise ar chion láimhe agus ar ghnóthachtáil a bheadh oiriúnach d'ardú céime chun ghrád an Ollaimh (Cathaoir Phearsanta) iniata i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann leis an doiciméad seo. Mar liosta comharthach amháin atá an liosta seo beartaithe. Ní mór doiciméid a sholáthar i gcomhair na huile fhianaise. Lena chois sin, iarrfar ar an iarrthóir breac-chuntas a thabhairt ar an gcaoi a gcuideoidh sé nó sí le spriocanna straitéiseacha na hOllscoile agus ar an gcion láimhe a bheartóidh sé nó sí a dhéanamh sna cúig bliana atá le teacht.

4.2 Iarrfar ar gach iarrthóir cúig cinn de thuarascálacha moltóra acadúla a chur ar fáil i dteannta a iarratais nó a hiarratais. Déanfar measúnú ar fhiúntas éachtaí taighde agus scoláireachta an iarrthóra agus ar an gceannasaíocht acadúil atá léirithe aige nó aici i dtrí cinn ar a laghad de na tuarascálcha sin; athbhreithneoirí seachtracha ar ceannasaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta i réimse an iarrthóra iad a thabharfaidh na tuarascálacha sin. Ba chóir i bhformhór na gcásanna nach comhoibritheoirí nó comhúdair leis an iarrthóir i láthair na huaire nó le deireanas iad na daoine sin. Déanfar measúnú in aon tuarascáil amháin ar a laghad ar a mbeidh déanta ag an iarrthóir ar son an mhúinte agus na foghlama. Féadfaidh an Ollscoil iad sin a cheadú nó dul i gcomhairle le measúnóirí seachtracha cuí eile a roghnóidh an tUachtarán.

4.3 Déanfar gach dícheall chun an próiseas a thabhairt chun críche faoi cheann sé mhí.

5. Painéal Meastóireachta

5.1 D'fhonn iarratas ar ardú céime chun ghrád an Ollaimh (Cathaoir Phearsanta) a bhreithniú, déanfaidh an tUachtarán Painéal Meastóireachta a chur ar bun. Is é nó is í an tUachtarán a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an bPainéal agus beidh cúigear Ollamh de chuid na hOllscoile agus beirt mheasúnóirí seachtrachta ar a laghad air. Beidh idir fhir agus mhná ar an bPainéal Meastóireachta.

5.2 Ní fhágfaidh comhalta gan a bheith ar fáil go mbeidh an Painéal Meastóireachta neamhbhailí. Má ráiníonn nach mbeidh comhalta den Phainéal Meastóireachta ar fáil, beidh sé de rogha ag an Uachtarán duine a ainmniú chun ionad an chomhalta sin a dhéanamh nó a chinneadh nach leanfar leis an bPainéal Meastóireachta.

5.3 Is é ról an Phainéil Meastóireachta ná measúnú a dhéanamh i dtaobh ardú céime chun ghrád an Ollaimh (Cathaoir Phearsanta) a bheith tuillte ag an iarrthóir nó neachtar acu gan a bheith tuillte aige nó aici. Déanfar an measúnú sin de réir na gcaighdeán agus na gcritéar a bhfuil breac-chuntas tugtha thuas orthu. Cuirfidh an Painéal Meastóireachta an t-iarrthóir faoi agallamh, déanfaidh sé an fhianaise a sholáthrófar i leith an iarratais a bhreithniú agus má mheasann sé gur cuí déanamh amhlaidh, molfaidh sé don Údarás Rialúcháin, ar mhodh tuarascála réasúnaithe, an t-iarrthóir a cheapadh mar Ollamh (Cathaoir Phearsanta).

5.4 Cé gur chóir don Phainéal Meastóireachta gach dícheall a dhéanamh le teacht chun comhréitigh, más amhlaidh nach féidir sin, ní mór sa chás sin 75% ar a laghad den Phainéal a bheith ag tacú le moladh maidir le hardú céime.

5.5 Coimeádfaidh an Painéal Meastóireachta taifid oiriúnacha ina mbeidh an fáth nó na fáthanna lena gcinneadh. Déanfar an fáth nó na fáthanna leis an gcinneadh a chur ar fáil d'iarrthóir nach molfar chun a cheaptha nó chun a ceaptha.

6. Athbhreithniú

6.1 Féadfaidh iarrthóir nach mbeidh éirithe leis nó léi athbhreithniú a iarraidh, ar an aon fhoras amháin gur imíodh go follasach ó théarmaí na scéime seo, rud a d'imir ar thoradh an phróisis maidir leis an iarrthóir.

6.2 D'fhonn athbhreithniú den sórt sin a iarraidh, déanfaidh iarrthóir aighneacht i scríbhinn ina leagfar amach na forais go léir lena iarraidh nó lena hiarraidh ar athbhreithniú agus seolfaidh sé nó sí go dtí an Leas-Rúnaí í faoi cheann aon mhí amháin tar éis dó nó di fógra a fháil i dtaobh thoradh a iarratais nó a hiarratais.

6.3 Déanfaidh an tÚdarás Rialúcháin ar fhógra i dtaobh iarraidh ar athbhreithniú a fháil dó, duine neamhspleách seachtrach a cheapadh chun an t-athbhreithnú a stiúradh agus chun cinneadh réasúnaithe a sholáthar dó, is cinneadh a chuirfear ar fáil don iarrthóir.

FOSCRÍBHINN 1

Taighde agus Scoláireacht

Aithint idirnáisiúnta mar thaighdeoir agus scoláire a chruthú. Féadfar é sin a chruthú le fianaise de shórt na nithe seo a leanas:

- Líon substaintiúil d'fhoilseacháin, de leabhair, de chaibidlí leabhair nó de mhonagraif urraithe taighde (Iarrfar fianaise ar thionchar.)
- An líon mac léinn taighde a ndearnadh maoirseacht orthu go dtí gur tugadh a gcuid staidéir chun críche
- Gasra, Ionad, Institiúid shubstaintiúil taighde, nó saoráidí nó cláir shubstaintiúla taighde a chruthú/agus nó ceannasaíocht ar an gcéanna
- Teist shuntasach ar an iarrthóir i dtaca le cistí taighde a fháil lena n-áirítear an cumas chun cistí a tharraingt ó ghníomhaireachtaí deontas taighde a ndéanann comhpháirtithe seachtracha athbhreithniú orthu.

Ceannasaíocht Acadúil

Cruthúnas go bhfuil éirithe leis an iarrthóir mórfheidhmeannas ceannasaíochta a chomhall san Ollscoil agus/nó sa chomhphobal náisiúnta nó idirnáisiúnta. Beidh na nithe seo a leanas ina samplaí d'fhianaise den sórt sin:

- Ardfhiúntas, bainisteoireacht, ceannasaíocht agus riarachán a bheith léirithe ag an iarrthóir san Ollscoil mar is follasach ó fheidhmíocht rathúil i bpost ceannasaíochta san Ollscoil de shórt Déin nó Ceann Roinne
- Ceannasaíocht ar thionscnaimh chomhoibritheacha ildisciplíneacha nó ileagraíochtúla
- Fobairt agus ceannasaíocht ar chláir nua staidéir lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leantach agus cláir chianfhoghlama
- Ceannasaíocht rathúil, mharthanach ar chláir staidéir
- Ceapachán/toghadh i bpoist ríthábhachtacha i gcomhlachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta
- Poist eagarthóireachta in irisí acadúla agus gairmiúla ardéifeachta
- Feidhmíocht rathúil mar Chathaoirleach ar Choistí Coláiste nó Ollscoile
- Seirbhís mar Scrúdaitheoir Seachtrach/Ollamh Cuairte
- Cion láimhe suntasach mar Chathaoirleach nó mar Chomhalta de Chomhlachtaí Comhairliúcháin de chuid an Rialtais.

Múinteoireacht agus Foghlaim

Cruthúnas ar bharr feabhais i gcion oibre an iarrthóra i leith na múinteoireachta agus na foghlama a bheidh soláthartha trí chúram múinteoireachta. Féadfaidh go mbeidh na nithe seo a leanas ina bhfianaise:

- Cruthúnas ar oirirceas náisiúnta nó idirnáisiúnta sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim
- Cion oibre marthanach, ardfhiúntais ar son scoláireacht na múinteoireachta agus na foghlama
- Tiomantas dearscnaitheach i leith na múinteoireachta mar is léir ó dhea-theist mharthanach maidir le modúil atá múinte agus tionscnaimh bhliana deireanaí a bhfuil maoirseacht déanta orthu
- Barr feabhais sa mhúinteoireacht mar is léir ó mheastóireachtaí mac léinn, bronntaí múinteoireachta nó ainmniúcháin, duaiseanna nó tuiriscí tuairime ag comhpháirtithe
- Nuálaíocht mharthanach a bhfuil éirithe léi i dtaca le curaclaim a leagan amach, a chur ar fáil agus a athbhreithniú agus i dtaca le teicneolaíocht a úsáid
- Fianaise ar nuálaíocht oideolaíoch a bhfuil éirithe léi
- Fianaise ar aitheantas náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta ag comhlachtaí gairmiúla
- Téacsleabhair a bheith foilsithe.

Cuidiú leis an Ollscoil agus leis an gComhphobal as a Iomláine

Cruthúnas ar éacht substaintiúil a bheith déanta i dtaca le cuidiú na hOllscoile lena cuid comhphobal a mhéadú. Féadfaidh go mbeidh na nithe seo a leanas ina fhianaise faoin mhírcheann seo:

- Rannpháirtíocht i ngnóthaí poiblí agus cuidiú le beartas poiblí a fhorbairt
- Cuidiú le comhghleacaithe trí rólanna meantóireachta nó comhairliúcháin
- Cuidiú gníomhach marthanach le Coistí Ollscoile nó Coláiste
- Lámh i ngníomhaíochtaí margaíochta, cur chun cinn agus bailithe airgid thar ceann na hOllscoile
- Tionscnaimh rochtana a fhorbairt agus páirt a ghlacadh iontu
- Páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta
- Rannpháirtíocht rathúil a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha thar ceann na hOllscoile
- Cuidiú substaintiúil le saol intleachtúil, cultúrtha nó eacnamaíoch na hOllscoile, le coistí áitiúla nó réigiúnacha.